

## ❖ An Lúibín ❖

5 Meán Fómhair 2005



### Comhairle gan cháim

Féach na tubaistí go léir atá timpeall an domhain mar gheall ar ola, talamh agus airgead! A Mhuire 'mháthair, seinn port, abair amhrán, sil deoir, tabhair póg, réitigh do chás led' chomharsain más féidir. Nílimid anso ach seal beag gearr!

*Muiris Ó Scanláin, amhránaí*



### Gaelscolaíocht: i mbarr a réime?

*Every county in Ireland now has at least one gaelscoil.*

Is gearr ó fógraíodh ar na nuachtáin go bhfuil 158 gaelscoileanna ann; tá ceann amháin ar a laghad i ngach contae in Éirinn. Ní raibh ach aon cheann déag ann sa bhliain 1972. Anois tá os cionn 25,000 dalta sna gaelscoileanna agus os cionn 6,000 sna meánscoileanna lánGhaeilge – difríocht atá suimiúil inti féin. Cén fáth a gcuireann an oiread sin tuismitheoirí a gclann chun meánscoile Béarla tar éis babhta gaelscolaíochta? An dóigh leo gur leor do na páistí míosúr teoranta den teanga Ghaeilge? Is gearr ar aon chuma go n-osclofar ceithre ghaelscoil nua agus cúig mheánscoil lánGhaeilge, agus is féidir a bheith cinnte de nach mbeidh siad folamh. Dealraíonn sé freisin nach bhfuil sé chomh deacair sin anois múinteoirí a mhealladh chun na scoileanna úd. Tá na gaelscoileanna ina gcuid den *status quo*.

### Aistritheoirí

*New legislation and bureaucratic requirements have led to a demand for Irish language translators.*

Más maith is mithid: tá éileamh éigin faoi dheireadh ar aistritheoirí Gaeilge. Tá stádas nua ag an teanga san Aontas Eorpach – stádas siombalach den chuid is mó, ach beidh postanna ag baint leis. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla ann, agus ceangal ar chomhlachtaí stáit tuarascálacha a chur amach sa dá theanga; ach tá moill ar an obair toisc nach bhfuil an oiread sin daoine ann a d'fhéadfadh Gaeilge a chur ar an mbuntéacs.

Ní nach ionadh, tá lucht fiontraíochta ag teacht i dtír ar an scéal. San eagrán is déanaí de *Beo* tá alt faoi Europus Teoranta, comhlacht a chuir cúrsa aistriúcháin ar bun ag leibhéal Teastais agus Diplóma Iarchéime i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo. I gCarna a bhíonn sé ar siúl; faigheann na mic léinn liúntas ó Údarás na Gaeltachta, gan aon phingin eile le híoc acu. Céimithe agus daoine a bhfuil greim maith acu ar an dá theanga a dhéanann é. Bhí ag éirí chomh maith sin leis an gcúrsa gur cuireadh Céim M.Sc ar fáil, céim a aithnítear go forleathan agus a bhfuil idir oiliúint ghairmiúil agus theoiric acadúil ag baint léi.

Is léir ón méid thuas gurb í an oifigiúlacht atá ag cur cúrsaí aistriúcháin ar aghaidh. Tá an Ghaeilge ag dul i muinín an chléireachais, mar a rinne an Laidin sna meánaoiseanna – teanga na gcairteacha agus na gconarthaí, teanga aicme ar leith. Mar a deir an t-alt:

Tá ardphostanna i Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí faighte ag daoine a bhain cáilíochtaí an chúrsa amach. Tá cuid eile acu ag dul don aistriúchán as a gconlán féin.

Tá suíomh Europus le fáil ag: [www.europus.ie](http://www.europus.ie).



### Beatha shaorga

*Irish – the language of a few people's future. Just what should our expectations be?*

Murab ionann is na Bascaigh agus na hIosraelaigh, dhá dhream a rinne teangacha leathmharbha a athbheochan, níor éirigh linn an Ghaeilge a dhúiseacht i ndáiríre. Fiontar intleachtúil fionspéisiúil é a bhfuil mórán daoine gafa leis, ach ní labhrann ach beagáinín díograiseoirí an teanga go laethúil. Meastar go bhfuil timpeall 1,500 uair an chloig caite againn ag foghlaim Gaeilge nuair a fhágaimid an scoil. Is ionann sin, tríd is tríd, agus gan aon ábhar eile a dhéanamh lá ar bith ar feadh bliain iomlán scoile – sin é le rá, feidhm a bhaint as an uafás acmhainní le haghaidh aon oideachais amháin.

Coinníonn na beartais atá anois ann an teanga ina beatha go saorga – agus ar chostas uafásach.

Denis Murphy, *Irish Examiner*, 19/8/05

Na mílte a n-éiríonn go maith leo sa Teastas Sinsearach gach bliain, na mílte a théann go dtí na Coláistí Samhraidh gach bliain, na daltaí go léir a théann chun na nGaelscoileanna agus na gcoláistí lánGhaeilge – cén rian a fhágann siad ar staid na teanga? Agus sin gan trácht ar na mílte eile a dhéanann Gaeilge mar chuid dá n-oideachas. Tá neart Gaeilgeoirí ann, nó daoine arbh fhurasta dóibh Gaeilgeoirí a dhéanamh díobh féin. Ar éigean atá a rian sin le haithint ar ghnáthshaol na hÉireann ná ar shaol na nÉireannach a théann an loch amach.

Mura dtréigfeadh Éire an Ghaeilge riamh bheadh an tír dátheangach mar sin féin. Bheadh Béarla ag na hÉireannaigh mar atá sé ag na Danair agus ag na hOllannaigh. Níl an dátheangachas féin i gceist anois. Ní ceart comhrac teangacha a dhéanamh den scéal ar fad, ach is deacair don mhionteanga áit chónaithe a bhaint amach agus an mhórtheanga fite fuaite i ngach foras dá bhfuil ann.

Is beag duine ar féidir leis saol iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge. Is fusa dul le sruth na teanga eile, agus an té a théann in aghaidh srutha is díograiseoir é, a bheag nó a mhór. Ní gá go mbeadh fosc chun Gaelachais air ná aon phioc de smál na Cúise air; más de thimpiste nó d'aonghnó é, tá sé ina dhíograiseoir. Ní minic a leithéidí iomadúil i ngnóthaí an tsaoil seo, agus ní taise don Ghaeilge é. Ba chóir dúinn a bheith sásta agus 5% de phobal na hÉireann ag úsáid na teanga gach lá – rud nár tharla fós. Bheadh ardú meanman ann dá mbeadh 200 Gaeilgeoir lánlíofa i Melbourne nó i Sydney.

Cuimhnimis go mbeidh gach Gaeilgeoir dátheangach feasta. Ní bheadh aon duine acu nach mbeidh a chuid Gaeilge á múnú ag an teanga eile, agus b'fhéidir gurb é a bheadh mar thoradh air críól den saghas atá ag teacht chun cinn (más fíor) i gcathracha na hÉireann, agus ar thug ollamh áirithe sampla de ag comhdháil roinnt blianta ó shin: *Bhí mé just a' wonderáil an bhfuil sé supposáilte an septic tank a deliveráil*. Tá meascán den saghas seo le fáil ina lán teangacha eile (an Béarla féin go háirithe) agus an-suim ag teangeolaithe ann. Sa chás seo coinnítear dul na bunteanga agus soláthraíonn an teanga eile cuid mhaith den fhoclóir, agus ag Dia atá a fhios cá mhéad den séimhiú agus urú a thioctaidh slán má thagann an críól i réim. Cloífidh Gaeilgeoirí tíortha eile leis na sean-nósanna go ceann tamaill eile, agus iad faoi smacht na ngraiméar.

Is fada go mbeidh an Ghaeilge fhíornua úd le léamh ar *Foinse* nó ar *Lá*. B'fhéidir go mbeadh a rian le haithint ar an litríocht ar dtús; chuir Liam Ó Muirthile, iriseoir agus iarfhile, a thuairim féin in iúl tamall de bhlianta ó shin.

Is cinnte go gcaitheann aon chumadóireacht nua a bheith ag luí le dúchas na teangan. Sé sin más ag plé leis an teanga stairiúil atáimid.

Níl an dúchas naofa. Níl in aon dúchas ach an athnuachan a deintear as an nua ar an ndúchas, an fhuil agus an t-allas a chaitear ó lá go lá le saothrú na teangan, í ag gabháil chuici *réalité charnelle* an tsaoil agus na samhlaíochta.

Ceann de na slite chun an dúchas seo so a athnuachan ná é a chur as a riocht, ar an gcoinníoll go mbíonn a fhios ag duine cad iad na rialacha atá sé a bhriseadh – agus cad ar mhaithe leis!

Déanann Ó Muirthile talamh slán de go bhfuil na rialacha ann. Tá an ceart aige ar shlí: bíonn rialacha ann i gcónaí, cé nach mar a chéile na cinn atá anois ann agus cinn an lae amárach. Luath nó mall tiocfaidh an faisean is nua chomh fada leis an Astráil, mar a thagadh na hata ba nua ar na longa seoil. Faoin am sin, b'fhéidir, beidh an Ghaeilge daingnithe i roinnt scoileanna ar fud na tíre anseo – cé go mbeadh súil agat go múiní í níos éifeachtaí ná ár gcuid teangacha eile.



### Scagaim féin mo lámha as

*In the Gaelic world the other world of spirits was never far away, even for those with the attitudes of a new age. This is illustrated in the diary of Amhlaoibh Ó Súilleabháin, where, in an entry made 168 years ago, we find both scepticism and the lingering force of traditional belief.*

Ar 24 Meán Fómhair 1827, i gCo. Cill Chainnigh, bhreac Amhlaoibh Ó Súilleabháin, scoláire agus ceannaí gearr, an scéal seo a leanas síos ina dhialann. Scéal é a bhfuil blas an bhéaloideasa air agus atá lán de théamaí coitianta – drochrún an tslua sí, teacht na máthar mairbhe, úsáid na luibheanna agus eile.

Fear oilte léannta ba ea an Súilleabhánach, fear a bhain leis an ré nua-aimseartha, agus díol spéise í mar sin an tuairim a bhí aige den scéal seo. Bhí sé idir dhá chomhairle – é ag cur amhrais sa scéal ach ag géilleadh dó ar shlí eile, rud is léir óna bhríomhaire a chuireann sé síos ar an eachtra. Bhí comharsa leis leathamhrasach freisin, cé nach ionann sin is a rá go séanfadh sé go raibh saol diamhair neamhdhaonna ann.

Sa scéal seo a fhaightear fíorspioradáltacht an tseansaoil – meascán de theagasc na hEaglaise agus de phisreoga a bhí ann roimh Phádraig. Meascán é nach bhfuil ar an dé deiridh fós in Éirinn, agus tugadh é go dtí an Astráil, cé nach mór é ár n-eolas air anseo.

D'fhéadfaí a rá go raibh an cailín ag iarraidh a toil a chur le bás a máthar agus í ag baint feidhme as an gcreideamh is sine chuige. Ligeann ionsaí an 'duine dhorcha' di cuma an bháis a tharraingt uirthi féin, i dtreo go mbeadh a máthair i gcumas druidim anall léi. Níorbh fholáir di páis a fhulaingt. Ar an taobh eile de d'fhéadfaí a rá freisin go léirítear tuiscint sa scéal ar an gcuid sin den saol nach bhfuil smacht againn air – an diamhair atá ionainn agus inár dtimpeall, diamhair bheatha agus bháis. Dúchas é nárbh fhurasta a scaradh ón teanga Ghaeilge.

*An téacs:*

Baineann an Súilleabhánach úsáid as corrfhoirm ársa nó neamhchoitianta: *d'éis = tar éis, noch = a, tan = uair, cia nachar = cé nár*. Tógadh an scéal as *Cinn Lae Amhlaoibh* (An Clóchomhar Tta, 1970), leagan giorraithe cóirithe den dialann ar chuir an Dr Tomás de Bhaldráithe eagar air agus a bhfuil scoth nótaí leis.

Tá scéal iontach sa tír seo anois. Bhí Eilíneora Ní Dhorchaí, inín Shéamais Uí Dhorchaí, ó Bhaile Laighean, ag teacht abhaile ó Chill Bhaoithín d'éis aifreann d'éisteacht, an dara lá den mhí seo láithreach .i. Dia Domhnach, i gcuideachta

Niocláis Tóibín agus daoine eile, an tan a chonaic sí an Slua Sí timpeall Mhachaire Mór. Tháinig duine dorcha ón slua amach agus do shíl í a leonadh. Do bhí sí ag rith timpeall Niocláis Tóibín chum ná leonfaí í. Ach ba bheag an chabhair di, óir do leonadh í agus do mhillfeadh í murab é go dtáinig a máthair (noch d'éag sé bliana roimhe sin) dá saoradh. Bhí cuma chumhach ar a máthair.

Ansin do scar an Slua Sí léi, agus do thug Nioclás Tóibín agus na daoine eile abhaile í. Do bhí sí gan urlabhra gur ghlaigh na coiligh d'éis meán oíche, an tan fuair sí a hurlabhra, agus ansin chaill sí lúth a coise noch do bhí chomh fuar le leac oighre. D'fhan sí mar so ar feadh trí lá dhéag (.i. go Satharn an cúigiú lá déag den mhí seo), ag gol is ag caoi is ag déanamh bróin go dtáinig a máthair chuici agus d'fhiafraigh di ar mhaith léi í a leigheas. Dúirt gur mhaith.

'Thiocfainse chugat níos luaithe ach ná faighinn an fhaid do bheadh aoinneach id fhochair. Agus anois ó gheibhim ar uaigneas tú, leigheasfad thú, agus tar amach liom cois an bhóthair.'

D'imíodar araon amach, cia nachar gabhadar aon slí amháin, agus do thaispeáin a máthair luibh di agus dúirt sí léi é a bhuain, óir níor cheart d'aoinneach eile í a bhuain. Do bhain sí é, agus do bhí sé gan craiceann, gan duille, gan bláth. Agus dúirt dúirt a máthair léi é a bheiriú in uisce fiuchta agus é a chuimilt dá cois sé huaire in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naofa. Agus d'imigh a máthair uaithe an tan sin, is do rinne sí mar a dúradh léi. Agus ar bhuain fhíor na croise ar a cois an chéad uair do dhírig a cois agus atá sí slán folláin ó shin.

Is iontach an scéal so, mura speabhraídí d'éirigh di mar do bheadh ar dhuine do bheadh i bhfiabhras, nó mura cumadóireacht di féin é. ach adeir cuid den chomharsain go raibh a cois chomh fuar le leac oighre. Is é a hathair féin a d'inis an scéal dom ó thosach go deireadh agus d'inis Donncha Ó Briain ó Dhroichead Bhaile Laighean ar an gcuma chéanna é. Ach go deimhin, tá eagla air gur cumadóireacht é, agus gur lig sí uirthi go raibh sí balbh bacach, ach admhaíonn sé gur inis daoine dealrúla dó go raibh a cois fuar mar a dúras cheana. Scagaim féin mo lámha as.



## LÉIRMHEAS

**The Eastern Fringe: Recollections & Stories on the Settlement & Farming Histories in the Bungaree, Wallace, Bolwarrah & Gordon Districts**  
Jack Toohey 2005

Baineadh ábhar an tsaothair seo as mo chuimhní cinn agus as na scéalta a chuala mé agus mé i m'ógánach ag fás suas i gceantar Bolwarrah-Wallace. (Jack Toohey.)

Páirceanna, cnoic agus coillte, glór garg na gcocatúnna, sloinnte Gaelacha ar na bóithríní, sceacha geala faoi bhláth san earrach, fuacht go smíor sa gheimhreadh, uirlisí na mBundúchasach cois abhann: sin mo dhúiche féin i lár Victoria na hAstráile, agus anois tá cuid mhaith dá seanchas agus dá mbéaloidéas bailithe i leabhar. Duine de na seanfhundúirí is ea Jack Toohey; chonaic sé saol atá imithe anois, agus bhí aithne aige ar dhaoine a chonaic ré ba luaithe fós. Tá tábhacht leis an leabhar seo mar léiriú ar an saghas saoil a d'eascair as an áitriú a rinneadh i réigiún áirithe, agus ar an athrú cultúir a bhain leis.

Tá an t-ór agus na coillte ina snáith trí na scéalta seo, agus baint acu le teacht agus le cothú an phobail is ábhar don leabhar. Ach bhí dream eile ann roimh na mianadóirí, na Watha Wurrung, agus cuntas éigin orthu sna cáipéisí a bhaineann le teacht na ndaoine a thóg na chéad léasanna timpeall na bliana 1840.

De réir mar a tharla ar fud na hAstráile, is minic a rug an bás agus an galar orthu nuair a theagmháil siad le háitritheoirí Eorpacha.

Tá áiteanna campála agus faichí rince taifeadta sa cheantar ag na staraithe áitiúla, agus baineadh aníos mórán lámhdhéantúsán – cinn tua, bróna agus eile. Is furasta

na brónna a aithint ar an gcloch mhín chrua. Ní mar a chéile í agus aon chloch áitiúil, agus is dócha gur thug na chéad daoine isteach leo i nó go bhfuair siad i trí thrádáil leis an comharsanna. Na lámhdhéantúsáin a fuarthas lenár linn is flúirsí in áiteanna ná a chéile iad, go háirithe cois abhann agus srutháin.

Tharraing an t-ór na mílte chun Ballarat agus chun na gceantracha máguaird i gcaoididí an 19ú haois, agus cuid mhaith Éireannach ina measc. Ba mhinic ina Muimhnigh agus ina gcainteoirí dúchais iad (cé nach bhfuil sin luaite ag an Tuathach); chuaigh na fir i mbun tochailte agus chloígh na mná lena gcúraimí crua féin. Ar dtús bhí an t-ór le fáil sa ghlár uachtair; ansin chuaigh mórán mianadóirí ag obair do na comhlachtaí a cuireadh ar bun chun an t-ór ba dhoimhne a bhaint aníos. Ba sclábhaíocht í agus is minic nár lean an rath í.

Bhí an ‘Steiglitz-Maldon belt’ ann, stráice talún a bhí breac le hór, agus láithreáin óir in aice leis ag Gordon agus ag Egerton. Baineadh an t-uafás óir as na mianaigh ann, agus ba dhomhain iad na poill: ag Egerton bhí ór le fáil níos doimhne ná 2,000 troigh, ach ní raibh na caidéal in ann ag an obair.

Bhí na Síngigh i gceann mianadóireachta ag Ballarat ón mbliain 1852 amach, agus ba mhór an bac orthu easpa uisce a bheith ar an gceantar, ó bhídís ag brath go mór air. Ach bhí siad seiftiúil; chuaigh cuid acu soir ó thuaidh go dtí na sléibhte gur thóg siad damba ar abhainn ann (*Devils Creek* a thugtar air), rud a chuir ar a gcumas an t-uisce a sheoladh siar trí chainéal fada a bhí ag rith go healaíonta le fána nádúrtha, eachtra innealtóireachta nár tugadh aon aird uirthi ag an am. Tá cuid den chainéal fós ann, agus dúradh caoga bliain ó gur cheart é a chaomhnú mar rud stairiúil, rud nach ndearnadh riamh.

Suaithheadh an choilíneacht ó fhréamh nuair a fógraíodh Acht Talún Uí Dhubhthaigh sa bhliain 1861 agus nuair a cealaíodh na léasanna. Rinne suirbhéirí rialtais an tír a roinnt ina feirmeacha nó ‘blocanna,’ le bóithre ag dul siar is aniar ann. Dhá fhichead acra a bhí sa ghnáthfheirm.

Athmhianadóirí óir a thogh na feirmeacha seo, daoine ar de shliocht Éireannach mórán acu. D’fhéadfá a rá go cinnte gur bh Éireannaigh iad 95% de na toghthóirí, daoine ar Chaitlicigh go smior iad.

Bhí an talamh faoi chrainn ar fad, agus ó loic an t-ór ar a bhformhór ní raibh an dara rogha acu ach dul i muinín na tua agus an chéachta:

Bhí gach duine acu níos boichte ná a chéile; iad ag iarraidh maireachtáil ón lámh go dtí an béal ar thalamh ba ghá dóibh a ghlanadh ar dtús – obair dhuaistiúil gan chríoch.

Bhí an-tóir ar adhmaid le haghaidh mianadóireachta, agus bhí neart adhmaid ann. Rinne an mhianadóirí slad ar na coillte timpeall Bhallarat, ach bhí foraoisí ann fós níos faide amach, ar nós na coille úd a dtugtar ‘Coill an Vambat’ uirthi, agus a ngnáthaíodh gadaithe eallaigh an taobh ab iargúlta di: ‘Thugtaí ‘búistéirí cangarúnna’ orthu, ní hamháin de bharr an tsaghas feola a dhíolaidís ach de bharr iad a bheith in ann dul de léim ó áit rúnda go chéile ar eagla go mbéarfadh na húdaráis orthu’.

Níor athraigh saol na bhfeirmeoirí an oiread sin go dtí an Dara Cogadh Domhanda nó ina dhiaidh. B’fhada go bhfuarthas réidh leis na capaill (is cuimhin liom iad a bheith ag tarraingt an chéachta agus eile againn féin), agus bhí an t-inneall gaile á úsáid in éineacht leo. Bhíodh na hinnill bhuaile ag gabháil ó fheirm go feirm, iad ag alpadh uisce agus adhmaid, agus idir dáréag agus fiche fear ag obair leo ó lár mhí Eanáir amach. Innill ghaile a bhíodh ag obair freisin sna muilte a sholáthraíodh cáith mar bhia do na capaill, cé gur iomaí feirmeoir a ghearradh a chuid féin. Tháinig deireadh leis an ngnó de réir a chéile.

Dúnadh muileann Holden tar éis an Chéad Chogadh Domhanda agus baineadh anuas é faoi dheireadh timpeall na bliana 1925, nuair a pléascadh na hinnill i gcomhair seaniarainn agus a cuireadh an t-iarann chun na Seapáine. Dúirt duine de

na seanfhundúirí ag an am: ‘Tiocfaidh an méid sin ar ais dhá uair chomh luath is a chuaigh sé anonn’. Nach aige a bhí an ceart!

Ba mhaith le feirmeoirí dul in iomaíocht lena chéile i gcúrsaí curadóireachta. Is iomaí bonn a ghnóthaigh athair Jack as a chuid cruacha féir – cruacha 200 tonna agus slacht dochreidte orthu. Bhí comórtas threafa ann, go háirithe an comórtas aon iomaire le dhá chapall. Agus bhí spórt ann: peil, rásaí, iománaíocht, cruicéad agus tarraingt téide. Bhí clubanna rásaíochta ann ó 60í an 19ú haois anuas go dtí an dara leath den 20ú haois: ‘Mórán de na fir a bhíodh ag na hócáidí seo bhainidís níos mó taitnimh as an troid a leanadh na rásaí ná as na rásaí féin!’.

Is beag duine a chuimhníonn anois ar an éileamh a bhí ar an iománaíocht timpeall Bungaree, Warrnambool, Richmond agus South Melbourne i dtús an 20ú haois, an chuid ba shuntasáí (seachas an creideamh) den oighreacht Éireannach.

Dhéanadh Sydney agus Melbourne uainíocht ar a chéile leis an gcluiche bliantúil iománaíochta idir NSW agus Victoria. Bhíodh an cluiche úd ar siúl in áiteanna eile freisin, leithéid Wallace. San áit úd a bhí an cluiche sa bhliain 1925. Tráthnóna bréa Domhnaigh a bhí ann, agus bhí na táinte ann, le traenacha speisialta ag teacht anuas ó Mhelbourne le haghaidh na hócáide. Bhí mise ann an lá sin, agus d’ainneoin imeacht na mblianta is cuimhin liom an cluiche fós. Ag an sos bhí cluiche seó ann idir dhá fhoireann Éireannacha a bhí ar cuairt againn, agus an chuid ab fhearr den imirt nua-aimseartha á taispeáint ann.

Mhair an iománaíocht timpeall Bhallarat anuas go dtí deireadh na dtríochaidí; ansin sháraigh an pheil í.

Thug na hÉireannaigh rud eile isteach leo – nós an tórraimh, agus a chuid suaircis féin ag baint leis, in éineacht leis na paidreacha. Tá scéal ag Jack a chuirfeadh i gcuimhne duit a lán scéalta eile den saghas a bhíodh á n-insint in Éirinn. Fuair Tommy Sloan bás le taom croí amuigh sa pháirc agus é dingthe idir dhá chuaille, rud a d’fhág a chorp camtha. Bhí orthu an corp a cheangal den leaba chun go mbeadh cuma dhireach air i rith an tórraimh.

Nuair an bhí an chuideachta i mbun a gcuid paidreacha ghearr áilteoir áitiúil na téada a bhí ag ceangal an choirp den leaba. Tháinig anbhá ar a raibh ann nuair a d’éirigh seanTommy aniar go mall ina measc.

Bhí Jack i mbun a mhéide nuair a tháinig an Meath Mór nó *Great Depression*, agus chonaic sé mórán ag gabháil na mbóithre. Bhíodh cuid acu ag piocadh prátaí.

Leanfadh an séasúr pioetha prátaí cúig nó sé mhí agus bheadh na fir tamall fada sa cheantar dá bharr. I rith an gheimhridh chaithfinn féin agus mo dheartháir uaireanta fada an chloig ag éisteacht lena gcuid comhrá.

Inimircigh ón Eoraip ba ea cuid mhaith acu; ina measc bhí mórán Iodálach a bhí ar bheagán Béarla ach a raibh fonn orthu eolas a fháil ar theanga a dtíre nua. Chaithimis tamall fada ag caint leo i gcanúint na hAstráile, agus mhúin siadsan roinnt Iodáilise dúinn, ag tabhairt léargais ar a gcuid nósanna agus ar a saol sa bhaile.

Agus níorbh iadsan amháin a d’fhág rian saoil eile ar an gcuid sin den Astráil.

Ba choitianta an radharc iad na mangairí ar fud na tuaithe san Astráil mórán blianta ó shin. Théidis ag díol earraí ina vaigíní clúdaithe ar na bóithre deannachúla. Capall an-téagartha a tharraingeodh an vaigín, mar gur shiopa éadaigh ar rothaí í i ndáiríre. Bhí éadaí de gach saghas le fáil ar a taobh agus ar a cúl, agus ina lár bhí áit chodlata an tiománaí.

Stopfadh na mangairí go rialta chun a mbéile a réiteach. Ón réigiún Indiach do mhórán acu nó den sliocht sin iad, agus ba dhíol mór spéise dúinn a gcuid bia. Ba bhreá leo circeoil, agus nuair a thagadh an mangaire isteach sa chlós thabharfadh bean an fheirmeora ruathar ar theach na gearc chun ábhar bia a sholáthar.

Mharófaí agus ghlanfaí agus réiteofaí an chearc i gceann uair an chloig; tá cuimhne fos ar bholadh an churaí agus é ag teacht le gaoth an tráthnóna.

Le linn an Mheatha Mhóir ba mhór an cúnamh do na bochtáin an oiread sin óir a bheith le fáil sna ceantair máguaird; bhíodh Jack féin agus a dheartháir Joe ag stangadh talún agus ag tochailt leo in éineacht lena lán fear eile, rud a d'fhág eolach ar chúrsaí geolaíochta iad. Tá an saibhreas faoi thalamh fós ann ach dul á lorg.

Cuid den dúchas Gaelach ba ea an saol taibhsiúil agus an scéalaíocht, agus bhí a lorg sin rehaithint ar an saol a bhí ann nuair a bhí Jack óg.

Bhí bhreá na scéalaithe iad, agus ní dhéanfá dearmad riamh ar a gcuid taibhseoireachta. Formhór na bpáistí agus cuid de na daoine fásta bhíodh drogall orthu dul amach oíche gharbh gan ghealach ar eagla go nochtfadh sprideanna nó soilse scaoilte os a gcionn.

Dráibhéir óg a d'inis ceann de na scéalta is fearr dom. Dúirt sé go raibh sé ag dul seanbhealach dráibhéireachta tríd an dlúthchoill oíche, áit nach raibh aon duine ina chónaí, nuair a chuala sé lapadaíl na gcrúb san uisce. Súil dár thug sé i ndiaidh a leicinn chonaic sé an fear in éide dhorcha agus é ag druidim anall leis ar muin capaill dhuibh. Bheannaigh mo dhuine dó agus ní bhfuair freagra, agus nuair a d'fhéach sé ar an marcach eile bhí sé sin ag féachaint uaidh i gcéin. Tháinig eagla ar mo dhuine ach nuair a bhain sé bogshodar as a chapall chun éalú thug an fear eile na spoir dá chapall féin.

Nuair a chas mo dhuine chun an fear eile a cheistiú bhí sé sin ag féachaint díreach roimhe fós. Thug an dráibhéir na spoir dá chapall le teann eagla agus d'imigh leis ar cosa in airde, ach ba mhór an t-ionadh a bhí air nuair a tháinig fear an chapail dhuibh in éineacht leis gan torann, agus gan radharc ar a aghaidh, nó go raibh cúig mhíle slí curtha díobh acu. Bhí saothar ar chapall mo dhuine ach bhí an capall mór dubh ag imeacht leis gan stró faoi mar a bhí treoir osnádúrtha aige. Nuair a stad capall mo dhuine de gheit shíl sé nach mbeadh ach drochthoradh ar a thuras scáfar fada. Is amhlaidh a chonaic sé an chrócharnaid, seisear ag iompar cónra ar an mbealach roime amach. B'uafásach an radharc é agus bhí sé scrúdta aige. Thit sé dá chapall i bhfanntais agus níor tháinig chuige féin go fainne an lae.

Níor chóir an iomarca treise a chur ar ar thug na seandaoine ó Éirinn leo. Pobal Astrálach a bhí ann, agus a rian sin orthu. Nuair a bhí mise óg is beag trácht a chloisfeá ar Éirinn, cé gurbh Éireannaigh iad na sagairt a bhíodh againn. Ba Chaitlicigh sinn agus Astrálaigh, agus ba leor an méid sin. Mar sin féin, níorbh fhiú a shéanadh go raibh cuid den seandúchas ann.

Tá gá le leabhair den saghas seo, agus bíodh áthas orainn gur éirigh le duine de na seanfhondúirí an ceann seo a scríobh. Fear é a ghabh tríd agus atá ina eiseamláir anois ag daoine eile a bhfuil scéal a ndúiche féin acu. D'fhéadfá a áiteamh gur sna cuimhní cinn atá fíorbhrí an scéil: mionsaol pobail agus é ina dhúthshraith ag an domhan mór. Léirítear rud ann ab fhurasta a chailleadh agus nach mbeadh teacht arís air.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au).

Colin Ryan